



09/10/2013

## San eagrán seo:

## Inside this issue:

Stop Smaoinigh GAEILGE	1
Tiomáin go Réidh Be a considerate driver	1
Éide Scoile School Uniform	2
Ceachtanna Snámha Swimming Lessons	2
Naíonáin Bheaga Junior Infants	2
Ailléirge Cnónna Nut Allergy	3
Codladh Céad Bláin Sleeping Beauty	3
Seó na Naíonáin Junior Infant's Show	3
Cruinnithe Tuistí/Múinteoirí P/T Meetings	3
Oíche Shamhna Cé hé/hí seo?	3
Naí Shóisear 2014 Junior Infants 2014	4
Graffiti Classics 16/10/13	4
Díolachán Swish & Bailliú Éadaí	4
Cúrsaí Spórt Sporting Information	4

## NUACHTLITIR

## Gaelscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.A.C. 18

## Stop, Smaoinigh, Gaeilge

Is teanga bheo í an Ghaeilge sa scoil laistigh agus lasmuigh de na ranganna, sa chlós agus i dtimpeallacht na scoile. Iarraimid oraibhse a thuismitheoirí cuidiú linn agus muid ag cruthú 'Gaeltacht' inár scoil agus inár dtimpeallacht. Ná labhair Béarla agus tú istigh sa scoil. Úsáid pé Gaeilge ata agat is cuma cé chomh briste is atá sí. Mar a deir ár manna scoile 'Beatha Teanga í a Labhairt'

*Irish is a living language within the classroom and without, in the school yard, and in the vicinity of the school. We ask parents and everyone involved with the school to help us as we strive to create our own 'Gaeltacht' in the school and in our locality. Please do not speak English in and around the school. Use your Gaeilge no matter how broken it may be—no one will correct you if you get it wrong!*

*As our school motto says 'Beatha Teanga í a Labhairt'*



## Tiomáin go Réidh : be considerate of other drivers &amp; road users



Tá gearáin faigte againn ó dhaoine sa chomharsanacht agus ó thuismitheoirí sa scoil faoin luas & an tstí ina mbíonn roinnt tuismitheoirí ag tiománt agus iad ag fágáil a bpáistí ar scoil.

Tá a fhios againn ar fad go mbíonn an trácht trom agus gnóthach timpeall na scoile ar maidin & ag am dul abhaile. Tá a fhios againn freisin nach bhfuil áit páirceála díreach in aice leis an scoil do gach duine.

Tá a fhios againn go mbíonn daoine faoi bhrú ar maidin ag iarraidh na páistí a fhágáil ar scoil roimh dul ag obair ACH iarraimd oraibh é a thíosaíte go réidh, gan bealach amach daoine a chónaíonn i mBeallairmín a bhlocáil, agus cead isteach is amach a thabhairt do thiomáithe a bhíonn ag iarraidh dul sa mhalaire treo.

We have received several complaints from Belarmine residents and parents in the school about the inconsiderate behaviour & dangerous speed of some drivers dropping their children off to school in the mornings.



We all know that the traffic in and around the school is extremely busy at drop off and home time. We also know that there is not and never will be enough parking spaces adjacent to the school for everyone who drives their child/children to school.

We appreciate that people are under pressure in the mornings to drop their children to school before heading to work HOWEVER we ask you please to ensure that you do not block other peoples access routes in and out of the estate and that you are considerate of drivers going in the opposite direction .



## Seirbhísí

### Reiliungiúna Religious Ceremonies



Dáta don Dialann

An Chéad  
Chomaoineach

First Communion

An Satharn 17/05/14

11.00am

Séipéal Mhuire

Ath an Ghainimh



Cosc ar Mhadraí

Tá cosc ar mhadraí i gclós na scoile

No dogs allowed in the school playground

Briseadh Meán Téarma  
Midterm Break

Scoil Dúnta : School Closed  
Luan Monday 28/10/13  
go  
Aoine Friday 01/11/13

## Éide Scoile : School Uniform

### Éide Scoile lomlán

Is gá do na páistí ar fad ó rang a 1 go rang a 6 an t-éide scoile iomlán, a chaitheamh an t-am ar fad. Caithean culaithe spóirt lá amháin sa tseachtain i.e. an lá go ndéantar corp oideachas agus an lá sin amháin.

Dé hAoine: R2, R3, R4, R5, R6  
Dé Luain : N1, N2, R1

### Na Naónáin

Tá sé de rogha ag na naónáin an culaithe spóirt a chaitheamh lá ar bith gur mian leo.

### Traenáil CLG

Nuair a bhíonn treanáil CLG ar siúl laistigh d'am scoile (An Mháirt) caitheann na ranganna

atá i gceist an culaithe spóirt. Athraíonn na ranganna seo ó théarma go téarma.

Faoi láthair siad R1A, R1B, R2A & R2B atá i gceist dá bhrí sin caitheann siadsan an t-éide spóirt ar an Mháirt. Taréis an bhriseadh mean téarma R1A, R1B, R3A & R3B a bheidh i gceist.

### School Uniform

All pupils from first to sixth class must wear the school uniform at all times. The school tracksuit is worn once a week i.e. P.E. day.

Friday : R2, R3, R4, R5, R6

Monday : N1, N2, R1

### Junior & Senior Infants

The infants have the option of wearing the tracksuit at all times or any day they wish.

### GAA Training

GAA training takes place on Tuesdays during school hours. Different classes participate each term and the pupils in those classes may wear their tracksuit on Tuesdays. The classes involved change from term to term.

September/October

R1A, R1B, R2A & R2B

November/December

R1A, R1B, R3A & R3B

## Ceachtanna snámha: Swimming lessons

Freastalaíonn daltaí na scoile ar cheachtanna snámha i linn snámha Meadowbrook i mBaile an tSaoir mar chuid den Chorp Oideachas . Tá 3 sheisiún (9 seachtainí an seisiún) curtha in áirithe dár scoil rud a chiallaíonn gur féidir le 6 rang ghrúpa freastal ar ranganna snámha gach bliain. €65 an

costas a bhíonn ar na ceachtanna snámha seo (costas an bhus san áireamh)

Seo a leanas na socraithe atá déanta againn don scoil bliain seo 2013/2014

Téarma 1 : R3A & R3B

Téarma 2 : R2A & R2B

Téarma 3 : R1A & R1B



We organise swimming lessons in Meadowbrook swimming pool in Ballinteer for the pupils as part of the Physical Education

Curriculum. Three terms of 9 weeks have been set aside for Gaelscoil Thaobh na Coille which means that 6 classes can attend swimming classes each year. The cost of the swimming lessons is €65 (which includes the cost of the bus).

The following arrangements have been made for this school year 2013/2014

Term 1 : R3A & R3B

Term 2 : R2A & R2B

Term 3 : R1A & R1B

## Naónáin Shóisearacha : Junior Infants

Tá cáilíní & buachaillí beaga iontacha againn i rang na naónáin. Tá siad socraithe síos 'sna ranganna éagsúla agus ní chreidfeadh sibh an Ghaeilge

atá acu cheana féin.

We have a wonderful group of cailíní & buachaillí in junior infants. They have settled into

school and their respective classes & you wouldn't believe how much Gaeilge they have already.

N1C leis an Muinteoir Bróna Ni Bhaoill





## Ailléirge Cnónna : Nut Allergy

larraimid nach gcuirfidh sibh cnónna nō bia le cnónna i mbosca lóin na bpáistí más féidir mar go bhfuil ailléirge cnónna ag roinnt daltaí sa scoil.

Bíonn cnónna talún nō tárgí cnónna in an-chuid bianna éagsúla nach smaoiníonn muid orthu. Is féidir go mbeadh cnónna i gcácaí, i mbrioscaí, i mbarraí gráin, i milseáin, i mbuirgéir glasraí, i sailéidí & in anlann sailleíd, in anlann pesto, i mbéilte Indiach, Síneach & Thai. Is as cnónna a déantar Marzipan agus praline freisin.



Ba mhaith linn go dtuigfeadh na páistí go mb'fhéidir go bhfuil páiste eile sa rang leo a bhfuil ailléirge cnónna aici/aige agus go bhfuil sé fíor-thábhachtach dá bhrí sin nach malartaíonn siad bia le páistí eile sa rang.

*We ask that nuts & foods containing nuts would not be sent in to school for lunch where possible as there are several children in the school who suffer from nut allergies.*

*Peanuts are among the most common allergy-causing foods, and they often find their way into things you wouldn't imagine or think of. Foods most likely to contain peanuts or tree nuts include cakes, biscuits, cereal bars, confectionery, veggie burgers, salads and salad dressings, pesto sauce and Indian, Chinese, Thai or Indonesian dishes. Marzipan and praline are both made with nuts.*



*We would like the children to be aware of the fact that there may be children in their class who suffer from nut allergies and that it is most important that they must not swap food with other children in class.*



## Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí Parent Teacher Meetings

Beidh na cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí ar siúl sa scoil ar an gCéadaoin an 20 Samhain idir 2.45pm & 9.00pm. Seolfar clár ama na gcruiinnithe agus coinne pearsanta amach i ndiaidh an bhriseadh.


*Our Parent/Teacher meetings will be held in the school on Wednesday the 20th of November between 2.45pm & 9.00pm. The scheduled timetable and personal appointment times will be sent out after the break.*

Tá Oíche Shamhna ag teacht.



Cé hé/hí seo?  
An bhfuil fhiós agat?

## Codladh Céad Bliain



MAR EOLAS : Tá ticéadaí ordaithe againn le daltaí R1 go R6 a thabhairt go dtí an geamaireacht Codladh Céad Bliain a bheidh ar siúl sa Helix um Nollaig ar an Mháirt an 17 Nollaig. Costas €15 an duine a bheidh i gceist (ticéad & bus). Tuile eolais le teacht.

**FOR YOUR INFORMATION :** We have booked tickets to bring R1 – R6 to see this year's Panto Sleeping Beauty in the Helix on Tuesday the 17th of December. This trip will cost €15 per person (ticket & bus) Further information to follow.

## Seó na Naónáin : N1A, N1B, N1C



Beidh na naónáin shóisearacha ag cur taispeántas beag ar siúl dá dtuismitheoirí de na rannta agus na hamhráin atá foghlamtha acu ó thosaigh siad ar scoil ar an gcéad lá Meán Fómhair. Tugaimid cuireadh do thuismitheoirí na naónáin ar fad cuairt a thabhairt ar sheomraí ranga a bpáistí ar an DÉARDAOIN an 24 Deireadh Fómhair - N1A 12.45pm agus N1B & N1C ag 1pm. Beidh cupán tae/café ar fáil do na tuismitheoirí roimh réidh óna 12.30pm i halla na scoile. Deis deas a bheidh anseo bualadh le tuismitheoirí na ndaltaí eile atá i rang do pháiste.

*Our Junior Infants will put on a small performance for you the parents, of the poems and the songs they have learnt since starting in school in September. We invite all the parents of junior infant pupils to visit their child's classroom on THURSDAY the 24th of October - N1A at 12.45pm and N1B & N1C at 1pm. Tea/Coffee will be served to the parents in the halla before hand from 12.30 onwards. This is an ideal opportunity to meet the other parents in your child's class.*

## Dátaí do Dialann Dates for your Diary

Aoine 08/11/13 Oíche Scannánaíochta  
Movie Night sa scoil 6.30pm  
Céadaoin 13/11/13 Díolachán Faisean Swish  
Swish High Fashion Sale sa scoil 8.00pm

## Naíonán Shóisearacha MF 2014

### Junior Infants September 2014

Sé an dáta deiridh le foirmeacha iarratais comhlánaithe do pháistí gur mian lena dtusimitheoirí go dtósóidh siad 'sna naíonán shóisearacha i Meán Fómhair 2014 ná an 18/10/13. Beidh próiseáil á dhéanamh againn ar na hiarratais do rang na bliana seo chugainn ina dhiaidh sin agus seolfar amach litreacha ofrála d'áiteanna sa scoil don bhliain seo chugainn ar an 18 Samhain.

*The closing date for receipt of enrolment forms for children whose parents wish them to start school in junior infants in September 2014 is 18/10/13. We will begin processing the application forms for next years Junior Infant classes after that and will send out our first place offers on the 18th of November.*

## Beatha Teanga í a Labhaint

## Graffitti Classics : ceolchoirm scoile



Beidh an ceathairéid craiceáilte Graffitti Classics ag tabhaint cuairt ar an scoil ar an Gcéadaoin seo chugainn an 16 Deireadh Fómhair. Beidh dhá cheolchoirm á thabhairt acu - ceann do na ranganna sóisearacha agus ceann eile do na ranganna sinsearacha. Beidh €2 an pháiste (nó €5 an clann) á iarraidh againn oraibh mar chostas ar seo.

*The crazy but fabulous quartet Graffitti Classics will visit the school on Wednesday next the 16th of October. They will perform 2 concerts - one for the junior classes and one for the senior classes. We will be looking for €2 per child (or €5 per family) to help towards the cost of this event.*

## Díolachán Faisean Swish Swish Faisean Sale



Tá Coiste na dtuismitheoirí ag eagrú díolachán Faisean Swish mar a rinne siad anuraidh. Tá siad ag iarraidh oraibh éadaí maithe athláimhe, gan morán caithimh orthu, chomh maith le gabháltais a bhailíú agus a thabhairt don scoil don Díolachán Swish i ndiaidh na Samhna. Tuile eolais le teacht

*Coiste na dtuismitheoirí are organising another Swish Faisean Sale. The Coiste ask that you collect nearly-new, high-quality second hand clothes and accessories for the Swish Sale and donate them to the school after Halloween. More details to follow*

## Cúrsaí Spóirt Léig Peile Chumann na mBunscol

Tá léigearna peile Chumann na mBunscol faoi lán tseoil agus daltaí na scoile ag traenáil agus ag imirt le diógras agus le fuinneamh. Tá 64 dalta, cailíní agus buachaillí ó ranganna a 4, 5 & 6 ag gabháil don traenáil peile. Tá an pháirc imirthe il-aimseartha sa Chéim in úsáid againn don traenáil gach Aoine. Tá painéal mhór 41 buachaill ag traenáil do léig peile sinsear na mbuachaillí agus 23 cailín páirteach i léig peile sinsear na gcailíní.

Tá ag éirí go geal leis an dá fhoireann agus an ceathrú craobh bainte amach acu beirt. Beidh na cailíní ag imirt in aghaidh Scoil Naomh Bríd, Glasnaón, i bpáirc na Síliní, Baile Buaidh, amárach agus tabharfaidh foireann na mbuachaillí aghaidh ar Scoil Naomh Breandán in Ard Aidhn an tseachtain seo chugainn.

Buiochas le Eavan Ní Mhuirgheasa, Máire Mhic Gabhann, Máirín Ní Dhubhthaigh & Maoiliosa Ó Dubhthaigh as an obair ar fad a dhéanann sibh leis na páistí a thraenáil & a thabhairt ag na cluichí i ndiaidh am scoile.



*Cumann na mBunscol's football leagues are in full swing and our pupils are training and playing with great enthusiasm and determination. 64 girls and boys in total from 4th to 6th class are participating in the training. Training takes place every Friday afternoon at the all-weather pitches in Stepaside with matches taking place on Wednesdays and Thursdays. We have a big panel of 41 boys training for the boys senior football league and 23 girls training for the girls senior football league.*

*Both teams are playing well and have reached the quarter finals of their respective leagues. The girls will play St Brigids NS, Glasnevin in Cherryfield, Ballyboden on Wednesday and the boys will take on St Aedans NS, Artane next week.*

*Buiochas to Eavan Ní Mhuirgheasa, Máire Mhic Gabhann, Máirín Ní Dhubhthaigh & Maoiliosa Ó Dubhthaigh for giving of their free time to train the boys and girls & attend football matches after school hours.*



Foireann Peile na gCailíní 2012